Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (CE) UIMH. 217/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2009

maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

(IO L 87, 31.3.2009, lch. 42)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Council Regulation (EU) No 517/2013 of 13 May 2013 (*)	L 158	1	10.6.2013
►M2	Rialachán (AE) Uimh. 1350/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013	L 351	1	21.12.2013

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

RIALACHÁN (CE) UIMH. 217/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2009

maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

Airteagal 1

Déanfaidh gach Ballstát sonraí ar na gabhálacha arna ndéanamh ag soithí atá cláraithe sa Bhallstát sin nó a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu, agus atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh, a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ag féachaint go cuí do Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90 an 11 Meitheamh 1990 ón gComhairle maidir le tarchur sonraí faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach ([1]).

Áireofar sna sonraí ar na gabhálacha ainmniúla na táirgí iascaigh go léir a chuirtear i dtír nó a thrasloingsítear ar muir is cuma cén fhoirm ina bhfuil siad ach ní áireofar iontu na cainníochtaí sin arb é a dhéantar ina leith, tar éis iad a ghabháil, ná iad a chaitheamh i leataobh ar muir, iad a thomhailt ar bord nó iad a úsáid mar bhaoite ar bord. Eisiafar táirgeadh ó dhobharshaothrú. Déanfar taifeadadh ar na sonraí i bhfoirm choibhéis bheomheáchain na ngabhálacha nó na dtrasloingsithe, go dtí an tona is gaire.

Airteagal 2

1. Beidh dhá chineál sonraí le cur faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na gabhálacha bliantúla ainmniúla, arna sloinneadh i gcoibhéis bheomheáchain na ngabhálacha i dtonaí, do gach ceann de na speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn I i ngach ceann de na réigiúin iascaireachta staidrimh san Atlantach Thiar Thuaidh atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus sainmhínithe in Iarscríbhinn III;

(b) na gabhálacha arna sonrú faoi phointe (a) agus an ghníomhaíocht iascaireachta a fhreagraíonn dóibh, arna bhforoinnt de réir mhí féilire na gabhála, trealaimh iascaireachta, mhéid an tsoithigh agus an phríomhspeicis a lorgaítear.

2. Déanfar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Bealtaine sa bhliain i ndiaidh na bliana tagartha agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm réamhshonraí. Déanfar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Lúnasa sa bhliain i ndiaidh na bliana tagartha agus ní mór iad a bheith i bhfoirm sonraí críochnaitheacha.

Maidir leis na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm réamhshonraí, ba cheart iad a shainaithint go soiléir mar shonraí den sórt sin.

([1]) IO L 151, 15.6.1990, lch. 1.

▼B

Ní gá sonraí a thíolacadh maidir le comhcheangail sonraí réigiún iascaireachta/speiceas i gcás nár taifeadadh aon ghabhálacha ina leith sa tréimhse thagartha a bhaineann leis an tíolacadh.

I gcás nach mbeidh iascaireacht ar bith déanta ag an mBallstát lena mbaineann san Atlantach Thiar Thuaidh sa bhliain féilire roimhe sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún faoin 31 Bealtaine sa bhliain ina dhiaidh sin.

3. Maidir leis na sainmhínithe agus na cóid atá le húsáid agus an fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta, trealamh iascaireachta, modh iascaireachta agus méid an tsoithigh á thíolacadh, tugtar iad in Iarscríbhinn IV.

▼M2

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal6 chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn IV, agus Iarscríbhinn V a leasú maidir leis na liostaí de na speicis agus de na réigiúin iascaireachta staidrimh, agus tuairiscí na réigiún sin, á leasú aige, mar aon leis na tomhais, na cóid agus na sainmhínithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht iascaireachta, trealamh iascaireachta, méideanna soithí agus modhanna iascaireachta.

Ní ghlacfar na gníomhartha tarmligthe sin ach nuair atá gá leo chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh; ní athrófar leo cineál roghnach na faisnéise a cheanglaítear a thabhairt agus ní fhorchuirfear leo ualach suntasach breise ar na Ballstáit nó ar na bhfreagróirí.

Tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as ionchur ó shaineolaithe ábhartha bunaithe a bheidh bunaithe ar anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta, amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

▼B

Airteagal 3

Ach amháin mar a n-ordaítear a mhalairt le forálacha a glacadh faoin gcomhbheartas iascaigh, ceadófar do Bhallstát teicníochtaí samplála a úsáid chun sonraí ar ghabháil a dhíorthú le haghaidh na gcodanna sin den loingeas iascaireachta a mbeadh gá barraíocht nósanna imeachta riaracháin a ghlacadh ina leith chun iomlán na sonraí a fháil. Ní mór

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE. Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

▼B

don Bhallstát mionsonraí ar na nósanna imeachta samplála, mar aon le mionsonraí ar an méid sonraí as na sonraí iomlána a díorthaíodh trí theicníochtaí den sórt sin, a áireamh sa tuarascáil a chuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 7(1).

Airteagal 4

Comhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí i leith an Choimisiúin de bhun Airteagal 1 agus Airteagal 2 trí na sonraí a chur faoina bhráid san fhormáid a thaispeántar in Iarscríbhinn V.

Féadfaidh na Ballstáit sonraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin san fhormáid a dtugtar mionsonraí ina leith in Iarscríbhinn VI.

Ach formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit sonraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm dhifriúil nó ar mheán difriúil.

Airteagal 5

Laistigh de 24 huaire an chloig ó na tuarascálacha a fháil, déanfaidh an Coimisiún, aon uair is féidir, an fhaisnéis atá iontu a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO.

▼M2

Airteagal 6

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 10 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a chúlghairm aon tráth. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

▼B

Airteagal 7

1. Faoin 28 Iúil 1994 cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh tuairisc ar conas a dhíorthaítear na sonraí ar ghabhálacha agus ar ghníomhaíocht iascaireachta agus ina sonrófar cé chomh hionadaíoch agus chomh hiontaofa is atá na sonraí sin. Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar na tuarascálacha sin a tharraingt suas i gcomhar leis na Ballstáit.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon mhodhnuithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear faoi mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí ón tráth a dtabharfar isteach na modhnuithe sin.

▼M2

3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascálacha modheolaíocha, infhaighteacht sonraí agus iontaofacht sonraí agus saincheisteanna ábhartha eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a scrúdú uair sa bhliain leis na Ballstáit.

▼B

Airteagal 8

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (CEE) Uimh. 2018/93.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 9

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA NA SPEICEAS A TUAIRISCÍODH SA STAIDREAMH AR GHABHÁIL TRÁCHTÁLA SAN ATLANTACH THIAR THUAIDH

Ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar ghabhálacha ainmniúla na speiceas sin a bhfuil réiltín(*) ag gabháil leo. Tá an tuairisc ar ghabhálacha ainmniúla na speiceas eile roghnach a mhéid a bhaineann le sainaithint na speiceas leithleach. I gcás nach gcuirtear sonraí a bhaineann leis na speicis leithleacha faoi bhráid an Choimisiúin, áfach, áireofar na sonraí sin i gcatagóirí comhiomlána. Féadfaidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le speicis nach bhfuil ar an liosta a thíolacadh ar choinníoll go bhfuil na speicis sainaitheanta go soiléir.

Nóta:: is iad ‘n.s.a.’ agus ‘n.e.i.’ na giorrúcháin le haghaidh ‘ní shainaithnítear in aon áit eile’ agus ‘not elsewhere identified’ faoi seach.

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
		ÉISC GHRINNILL	
Trosc an Atlantaigh	COD (*)	*Gadus morhua*	Atlantic cod
Cadóg	HAD (*)	*Melanogrammus aeglefinus*	Haddock
Péirsí mara an Atlantaigh n.s.a.	RED (*)	*Sebastes spp.*	Atlantic redfishes n.e.i.
Colmóir airgid	HKS (*)	*Merluccius bilinearis*	Silver hake
Colmóir dearg	HKR (*)	*Urophycis chuss*	Red hake
Glasán (=mangach)	POK (*)	*Pollachius virens*	Saithe (= pollock)
Péirse mhara	REG (*)	*Sebastes marinus*	Golden redfish
Péirse dhomhainmhara	REB (*)	*Sebastes mentella*	Beaked redfish
Daba gorm	PLA (*)	*Hippoglossoides platessoides*	American plaice (L. R. dab)
Leathóg bhán	WIT	*Glyptocephalus cynoglossus*	Witch flounder
Leadhbóg earrbhuí	YEL (*)	*Pleuronectes ferruginea*	Yellowtail flounder
Haileabó Graonlannach	GHL (*)	*Reinhardtius hippoglossoides*	Greenland halibut
Haileabó an Atlantaigh	HAL (*)	*Hippoglossus hippoglossus*	Atlantic halibut
Leith gheimhridh Mheiriceánach	FLW (*)	*Pseudopleuronectes americanus*	Winter flounder
Leith shamhraidh Mheiriceánach	FLS (*)	*Paralichthys dentatus*	Summer flounder
Turbard Cheanada	FLD (*)	*Scophthalmus aquosus*	Windowpane flounder
Leathóga n.s.a.	FLX	*Pleuronectiformes*	Flatfishes n.e.i.
Láimhíneach Meiriceánach	ANG (*)	*Lophius americanus*	American angler

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Cnúdáin an Atlantaigh	SRA	*Prionotus spp.*	Atlantic searobins
Tomcod an Atlantaigh	TOM	*Microgadus tomcod*	Atlantic tomcod
Antimora gorm	ANT	*Antimora rostrata*	Blue antimora
Faoitín gorm	WHB	*Micromesistius poutassou*	Blue whiting (= poutassou)
Péirse ghorm Mheiriceánach	CUN	*Tautogolabrus adspersus*	Cunner
Torsca	USK	*Brosme brosme*	Cusk (= tusk)
Trosc Graonlannach	GRC	*Gadus ogac*	Greenland cod
Langa gorm	BLI	*Molva dipterygia*	Blue ling
Langa	LIN (*)	*Molva molva*	Ling
Léasán leice	LUM (*)	*Cyclopterus lumpus*	Lumpfish (= lumpsucker)
Rí-iasc an Tuaiscirt	KGF	*Menticirrhus saxatilis*	Northern kingfish
Iasc bolgach Mheiriceá Thuaidh	PUF	*Sphoeroides maculatus*	Northern puffer
Puteascanna n.s.a.	ELZ	*Lycodes spp.*	Eelpouts n.e.i.
Puteascann Mheiriceánach	OPT	*Zoarces americanus*	Ocean pout
Trosc Artach	POC	*Boreogadus saida*	Polar cod
Gránadóir cruinnsocach	RNG	*Coryphaenoides rupestris*	Roundnose grenadier
Gránadóir berglax	RHG	*Macrourus berglax*	Roughhead grenadier
Corra gainimh	SAN	*Ammodytes spp.*	Sandeels (= sand lances)
Myoxocephalus spp. n.s.a.	SCU	*Myoxocephalus spp.*	Sculpins n.e.i.
Stenotomus chrysops	SCP	*Stenotomus chrysops*	Scup
Tautoga	TAU	*Tautoga onitis*	Tautog
Lopholatilus chamaeleonticeps	TIL	*Lopholatilus chamaeleonticeps*	Tilefish
Colmóir geal	HKW (*)	*Urophycis tenuis*	White hake
Cait mhara n.s.a.	CAT (*)	*Anarhichas spp.*	Wolf-fishes n.e.i.
Cat mara an Atlantaigh	CAA (*)	*Anarhichas lupus*	Atlantic wolf-fish

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Cat beag mara	CAS (*)	*Anarhichas minor*	Spotted wolf-fish
Éisc ghrinnill n.s.a.	GRO	*Osteichthyes*	Groundfishes n.e.i.
		ÉISC PHEILIGEACHA	
Scadán an Atlantaigh	HER (*)	*Clupea harengus*	Atlantic herring
Ronnach an Atlantaigh	MAC (*)	*Scomber scombrus*	Atlantic mackerel
Sleamhnóg an Atlantaigh	BUT	*Peprilus triacanthus*	Atlantic butterfish
Menhaden an Atlantaigh	MHA (*)	*Brevoortia tyrannus*	Atlantic menhaden
Preabaire an Atlantaigh	SAU	*Scomberesox saurus*	Atlantic saury
Ainseabhaí Meiriceánach	ANB	*Anchoa mitchilli*	Bay anchovy
Sclamhaire gorm	BLU	*Pomatomus saltatrix*	Bluefish
Bolmán	CVJ	*Caranx hippos*	Crevalle Jack
Tuinnín frigéid	FRI	*Auxis thazard*	Frigate tuna
Rí-Ronnach	KGM	*Scomberomorus cavalla*	King mackerel
Ronnach buí an Atlantaigh	SSM (*)	*Scomberomorus maculatus*	Atlantic Spanish mackerel
Colgán na ndealg	SAI	*Istiophorus albicans*	Sailfish
Mairlín geal an Atlantaigh	WHM	*Tetrapturus albidus*	White marlin
Mairlín gorm an Atlantaigh	BUM	*Makaira nigricans*	Blue marlin
Colgán	SWO	*Xiphias gladius*	Swordfish
Tuinnín colgach	ALB	*Thunnus alalunga*	Albacore tuna
Boiníotó an Atlantaigh	BON	*Sarda sarda*	Atlantic bonito
Tuinnín bán	LTA	*Euthynnus alletteratus*	Little tunny
Tuinnín mórshúileach	BET	*Thunnus obesus*	Bigeye tuna
Tuinnín gorm	BFT	*Thunnus thynnus*	Northern bluefish tuna
Tuinnín	SKJ	*Katsuwonus pelamis*	Skipjack tuna
Tuinnín buí	YFT	*Thunnus albacares*	Yellowfin tuna
Tuinníní n.s.a.	TUN	*Thunnini*	Tunas n.e.i.
Éisc pheiligeacha n.s.a.	PEL	*Osteichthyes*	Pelagic fishes n.e.i.

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
ÉISC EITE EILE			
Sead bhréagscadáin	ALE	*Alosa pseudoharengus*	Alewife
Bolmáin ómra n.s.a.	AMX	*Seriola spp.*	Amberjacks n.e.i.
Eascann mhara	COA	*Conger oceanicus*	American conger
Eascann Mheiriceánach	ELA	*Anguilla rostrata*	American eel
Sead Mheiriceánach	SHA	*Alosa sapidissima*	American shad
Airgintínigh n.s.a.	ARG	*Argentina spp.*	Argentines n.e.i.
Grágaire an Atlantaigh	CKA	*Micropogonias undulatus*	Atlantic croaker
Bior-iasc an Atlantaigh	NFA	*Strongylura marina*	Atlantic needlefish
Snáthscadán an Atlantaigh	THA	*Opisthonema oglinum*	Atlantic thread herring
Ceann sleamhain Baird	ALC	*Alepocephalus bairdii*	Baird's slickhead
Grágaire dubh	BDM	*Pogonias cromis*	Black drum
Doingean mara Meiriceánach	BSB	*Centropristis striata*	Black sea bass
Sead ghorm	BBH	*Alosa aestivalis*	Blueback herring
Caibeallán	CAP (*)	*Mallotus villosus*	Capelin
Ruabhric n.s.a.	CHR	*Salvelinus spp.*	Char n.e.i.
Cóibia	CBA	*Rachycentron canadum*	Cobia
Pampanó coiteann (=Florida)	POM	*Trachinotus carolinus*	Common (= Florida) pompano
Sead eagaoise	SHG	*Dorosoma cepedianum*	Gizzard shad
Gramhsairí n.s.a.	GRX	*Haemulidae*	Grunts n.e.i.
Sead hicearaí	SHH	*Alosa mediocris*	Hickory shad
Iasc laindéir	LAX	*Notoscopelus spp.*	Lanternfish
Milléid n.s.a.	MUL	*Mugilidae*	Mullets n.e.i.
Iasc fómhair an Atlantaigh Thuaidh	HVF	*Peprilus alepidotus*	North Atlantic harvest-fish
Iasc muice	PIG	*Orthopristis chrysoptera*	Pigfish
Smealt dea-dhathach	SMR	*Osmerus mordax*	Rainbow smelt
Grágaire dearg	RDM	*Sciaenops ocellatus*	Red drum
Garbhánach pargo	RPG	*Pagrus pagrus*	Red porgy

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Bolmán garbh	RSC	*Trachurus lathami*	Rough shad
Péirse ghainimh	PES	*Diplectrum formosum*	Sand perch
Garbhánach ceann caorach	SPH	*Archosargus probatocephalus*	Sheepshead
Grágaire ballach	SPT	*Leiostomus xanthurus*	Spot croaker
Lagiasc riabhach	SWF	*Cynoscion nebulosus*	Spotted weakfish
Lagiasc liath Meiriceánach	STG	*Cynoscion regalis*	Squeteague
Doingean riabhach	STB	*Morone saxatilis*	Striped bass
Bradáin fhearna n.s.a.	STU	*Acipenseridae*	Sturgeons n.e.i.
Tarpán an Atlantaigh	TAR	*Megalops atlanticus*	Tarpon
Bric n.s.a.	TRO	*Salmo spp.*	Trout n.e.i.
Péirse gheal	PEW	*Morone americana*	White perch
Alfainsíní	ALF	*Beryx spp.*	Alfonsinos
Fíogach gobach	DGS (*)	*Squalus acanthias*	Spiny (= picked) dogfish
Fíogaigh n.s.a.	DGX (*)	*Squalidae*	Dogfishes n.e.i.
Craosaire	POR (*)	*Lamna nasus*	Porbeagle
Siorcanna móra n.s.a.	SHX	*Squaliformes*	Large sharks n.e.i.
Mácó biorshrónach	SMA	*Isurus oxyrinchus*	Shortfin mako shark
Siorc biorshrónach an Atlantaigh	RHT	*Rhizoprionodon terraenovae*	Atlantic sharpnose shark
Fíogach dubh	CFB	*Centroscyllium fabricii*	Black dogfish
Siorc beagcheannach	GSK	*Somniosus microcephalus*	Boreal (Greenland) shark
Liamhán gréine	BSK	*Cetorhinus maximus*	Basking shark
Roc beag	RJD	*Leucoraja erinacea*	Little skate
Roc mór Mheiriceá Thuaidh	RJL	*Dipturus laevis*	Barndoor skate
Roc an gheimhridh	RJT	*Leucoraja ocellata*	Winter skate
Roc réaltach	RJR	*Amblyraja radiata*	Thorny skate
Roc mín	RJS	*Malacoraja senta*	Smooth skate
Roc earrspíonach	RJQ	*Bathyraja spinicauda*	Spinytail (spinetail) skate

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Roc Artach	RJG	*Amblyraja hyperborea*	Arctic skate
Roic n.s.a.	SKA (*)	*Raja spp.*	Skates n.e.i.
Éisc eite n.s.a.	FIN	*Osteichthyes*	Finfishes n.e.i.
		INVEIRTEABRAIGH	
Máthair shúigh fhada	SQL (*)	*Loligo pealeii*	Long-finned squid
Máthair shúigh ghearr	SQI (*)	*Illex illecebrosus*	Short-finned squid
Máithreacha súigh n.s.a.	SQU (*)	*Loliginidae, Ommastrephidae*	Squids n.e.i.
Scian mhara an Atlantaigh	CLR	*Ensis directus*	Atlantic razor clam
Breallach crua	CLH	*Mercenaria mercenaria*	Hard clam
Breallach quahog	CLQ	*Arctica islandica*	Ocean quahog
Breallach gainimh	CLS	*Mya arenaria*	Soft clam
Dlúthshliogán trach	CLB	*Spisula solidissima*	Surf clam
Breallaigh n.s.a.	CLX	*Bivalvia*	Clams n.e.i.
Muirín cuain an Atlantaigh	SCB	*Argopecten irradians*	Bay scallop
Muirín caileacó	SCC	*Argopecten gibbus*	Calico scallop
Muirín Íoslannach	ISC	*Chlamys islandica*	Icelandic scallop
Muirín mara	SCA	*Placopecten magellanicus*	Sea scallop
Muiríní n.s.a.	SCX	*Pectinidae*	Scallops n.e.i.
Cuasoisre Meiriceánach	OYA	*Crassostrea virginica*	American cupped oyster
Diúilicín gorm	MUS	*Mytilus edulis*	Blue mussel
Cuachmaí n.s.a.	WHX	*Busycon spp.*	Whelks n.e.i.
Faochain n.s.a.	PER	*Littorina spp.*	Periwinkles n.e.i.
Moilisc n.s.a.	MOL	*Mollusca*	Marine molluscs n.e.i.
Portán carraige Mheiriceá Thuaidh	CRK	*Cancer irroratus*	Atlantic rock crab
Portán gorm	CRB	*Callinectes sapidus*	Blue crab
Portán glas	CRG	*Carcinus maenas*	Green crab
Portán Ióna Meiriceánach	CRJ	*Cancer borealis*	Jonah crab

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3-alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Portán sneachta	CRQ	*Chionoecetes opilio*	Queen crab
Portán dearg	CRR	*Geryon quinquedens*	Red crab
Portán na gcloch	KCT	*Lithodes maja*	Stone king crab
Portáin mhara n.s.a.	CRA	*Brachyura*	Marine crabs n.e.i.
Gliomach Meiriceánach	LBA	*Homarus americanus*	American lobster
Ribe róibéis tuaisceartach	PRA (*)	*Pandalus borealis*	Northern prawn
Cloicheán Aesop	AES	*Pandalus montagui*	Aesop shrimp
Cloicheáin Penaeus n.s.a.	PEN (*)	*Penaeus spp.*	Penaeus shrimps n.e.i.
Séaclaí bándearga	PAN (*)	*Pandalus spp.*	Pink (= pandalid) shrimps
Crústaigh mhara n.s.a.	CRU	*Crustacea*	Marine crustaceans n.e.i.
Cuán mara	URC	*Strongylocentrotus spp.*	Sea urchin
Péisteanna mara n.s.a.	WOR	*Polychaeta*	Marine worms n.e.i.
Portán crúbach Meiriceánach	HSC	*Limulus polyphemus*	Horseshoe crab
Inveirteabraigh mhara n.s.a.	INV	*Invertebrata*	Marine invertebrates n.e.i.
		FEAMAINN	
Feamainn rua	SWB	*Phaeophyceae*	Brown seaweeds
Feamainn dhearg	SWR	*Rhodophyceae*	Red seaweeds
Feamainn n.s.a.	SWX	*Algae*	Seaweeds n.e.i.
		RÓNTA	
Rón Graonlannach	SEH	*Pagophilus groenlandicus*	Harp seal
Rón cochallach	SEZ	*Cystophora cristata*	Hooded seal

▼B

IARSCRÍBHINN II

LIMISTÉIR IASCAIREACHTA STAIDRIMH AN ATLANTAIGH THIAR THUAIDH A BHFUIL SONRAÍ LE TÍOLACADH INA LEITH

Folimistéar 0

Roinn 0 A

Roinn 0 B

Folimistéar 1

Roinn 1 A

Roinn 1 B

Roinn 1 C

Roinn 1 D

Roinn 1 E

Roinn 1 F

Roinn 1 NK (níl ar eolas)

Folimistéar 2

Roinn 2 G

Roinn 2 H

Roinn 2 J

Roinn 2 NK (níl ar eolas)

Folimistéar 3

Roinn 3 K

Roinn 3 L

Roinn 3 M

Roinn 3 N

Roinn 3 O

Roinn 3 P

Foroinn 3 P n

Foroinn 3 P s

Roinn 3 NK (níl ar eolas)

Folimistéar 4

Roinn 4 R

Roinn 4 S

Roinn 4 T

▼B

Roinn 4 V

Foroinn 4 V n

Foroinn 4 V s

Roinn 4 W

Roinn 4 X

Roinn 4 NK (níl ar eolas)

Folimistéar 5

Roinn 5 Y

Roinn 5 Z

Foroinn 5 Z e

Fo-aonad 5 Z c

Fo-aonad 5 Z u

Foroinn 5 Z w

Roinn 5 NK (níl ar eolas)

Folimistéar 6

Roinn 6 A

Roinn 6 B

Roinn 6 C

Roinn 6 D

Roinn 6 E

Roinn 6 F


Roinn 6 G

Roinn 6 H

Roinn 6 NK (níl ar eolas)

▼B

Limistéir iascaireachta staidrimh an Atlantaigh Thiar Thuaidh



▼B

IARSCRÍBHINN III

TUAIRISC AR FHOLIMISTÉIR AGUS AR RANNA NAFO ARNA N-ÚSÁID CHUN CRÍOCHA STAIDRIMH AGUS RIALACHÁN IASCAIGH SAN ATLANTACH THIAR THUAIDH

Is mar a leanas na folimistéir, na ranna agus na foranna eolaíochta agus staidrimh dá bhforáiltear le hAirteagal XX de Choinbhinsiún Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh:

Folimistéar 0

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá teorantach ó dheas le líne a shíneann soir díreach ó phointe ag domhanleithead 61°00′ ó thuaidh agus domhanfhad 65°00′ siar go pointe ag domhanleithead 61°00′ ó thuaidh agus domhanfhad 59°00′ siar, as sin soir ó dheas feadh rumlíne go pointe ag domhanleithead 60°12′ ó thuaidh agus domhanfhad 57°13′ siar; agus as sin teorantach ar an taobh thoir le sraith línte geodasacha a cheanglaíonn na pointí seo a leanas lena chéile:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	60°12′0	57°13′0
2	61°00′0	57°13′1
3	62°00′5	57°21′1
4	62°02′3	57°21′8
5	62°03′5	57°22′2
6	62°11′5	57°25′4
7	62°47′2	57°41′0
8	63°22′8	57°57′4
9	63°28′6	57°59′7
10	63°35′0	58°02′0
11	63°37′2	58°01′2
12	63°44′1	57°58′8
13	63°50′1	57°57′2
14	63°52′6	57°56′6
15	63°57′4	57°53′5
16	64°04′3	57°49′1
17	64°12′2	57°48′2
18	65°06′0	57°44′1
19	65°08′9	57°43′9
20	65°11′6	57°44′4

▼B

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
21	65°14′5	57°45′1
22	65°18′1	57°45′8
23	65°23′3	57°44′9
24	65°34′8	57°42′3
25	65°37′7	57°41′9
26	65°50′9	57°40′7
27	65°51′7	57°40′6
28	65°57′6	57°40′1
29	66°03′5	57°39′6
30	66°12′9	57°38′2
31	66°18′8	57°37′8
32	66°24′6	57°37′8
33	66°30′3	57°38′3
34	66°36′1	57°39′2
35	66°37′9	57°39′6
36	66°41′8	57°40′6
37	66°49′5	57°43′0
38	67°21′6	57°52′7
39	67°27′3	57°54′9
40	67°28′3	57°55′3
41	67°29′1	57°56′1
42	67°30′7	57°57′8
43	67°35′3	58°02′2
44	67°39′7	58°06′2
45	67°44′2	58°09′9
46	67°56′9	58°19′8
47	68°01′8	58°23′3
48	68°04′3	58°25′0
49	68°06′8	58°26′7
50	68°07′5	58°27′2
51	68°16′1	58°34′1
52	68°21′7	58°39′0
53	68°25′3	58°42′4
54	68°32′9	59°01′8
55	68°34′0	59°04′6

▼B

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
56	68°37′9	59°14′3
57	68°38′0	59°14′6
58	68°56′8	60°02′4
59	69°00′8	60°09′0
60	69°06′8	60°18′5
61	69°10′3	60°23′8
62	69°12′8	60°27′5
63	69°29′4	60°51′6
64	69°49′8	60°58′2
65	69°55′3	60°59′6
66	69°55′8	61°00′0
67	70°01′6	61°04′2
68	70°07′5	61°08′1
69	70°08′8	61°08′8
70	70°13′4	61°10′6
71	70°33′1	61°17′4
72	70°35′6	61°20′6
73	70°48′2	61°37′9
74	70°51′8	61°42′7
75	71°12′1	62°09′1
76	71°18′9	62°17′5
77	71°25′9	62°25′5
78	71°29′4	62°29′3
79	71°31′8	62°32′0
80	71°32′9	62°33′5
81	71°44′7	62°49′6
82	71°47′3	62°53′1
83	71°52′9	63°03′9
84	72°01′7	63°21′1
85	72°06′4	63°30′9

▼B

Uimh. an Phointe	Domhanleithead	Domhanfhad
86	72°11′0	63°41′0
87	72°24′8	64°13′2
88	72°30′5	64°26′1
89	72°36′3	64°38′8
90	72°43′7	64°54′3
91	72°45′7	64°58′4
92	72°47′7	65°00′9
93	72°50′8	65°07′6
94	73°18′5	66°08′3
95	73°25′9	66°25′3
96	73°31′1	67°15′1
97	73°36′5	68°05′5
98	73°37′9	68°12′3
99	73°41′7	68°29′4
100	73°46′1	68°48′5
101	73°46′7	68°51′1
102	73°52′3	69°11′3
103	73°57′6	69°31′5
104	74°02′2	69°50′3
105	74°02′6	69°52′0
106	74°06′1	70°06′6
107	74°07′5	70°12′5
108	74°10′0	70°23′1
109	74°12′5	70°33′7
110	74°24′0	71°25′7
111	74°28′6	71°45′8
112	74°44′2	72°53′0
113	74°50′6	73°02′8
114	75°00′0	73°16′3
115	75°05′	73°30′

agus as sin ó thuaidh díreach chuig parailéal dhomhanleithead 78°10′ ó thuaidh; agus teorantach ar an taobh thiar le líne a thosaíonn ag domhanleithead 61°00′ ó thuaidh agus domhanfhad 65°00′ siar agus a shíneann siar ó thuaidh feadh rumlíne chuig cósta Oileán Baffin ag East Bluff (domhanleithead 61°55′ ó thuaidh agus domhanfhad 66°20′ siar), agus as sin ó thuaidh feadh chósta Oileán Baffin, Oileán Bylot, Oileán Devon agus Oileán Ellesmere agus ag leanúint fhadlíne dhomhanfhad 80° siar sna huiscí idir na hoileáin sin agus domhanleithead 78°10′ ó thuaidh; agus teorantach ó thuaidh le parailéal dhomhanleithead 78°10′ ó thuaidh.

▼B

Tá folimistéar 0 comhdhéanta de dhá roinn

Roinn 0A

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ó pharailéal dhomhanleithead 66°15′ ó thuaidh.

Roinn 0B

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ó pharailéal dhomhanleithead 66°15′ ó thuaidh

Folimistéar 1

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá suite soir ó fholimistéar 0 agus ó thuaidh agus soir ó rumlíne a cheanglaíonn pointe ag domhanleithead 60°12′ ó thuaidh agus domhanfhad 57°13′ siar le pointe ag domhanleithead 52°15′ ó thuaidh agus domhanfhad 42°00′ siar.

Tá folimistéar 1 comhdhéanta de shé roinn

Roinn 1A

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ó pharailéal dhomhanleithead 68°50′ ó thuaidh (Christianshaab).

Roinn 1B

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir parailéal dhomhanleithead 66°15′ ó thuaidh (5 mhuirmhíle ó thuaidh ó Umanarsugssuak) agus parailéal dhomhanleithead 68°50′ ó thuaidh (Christianshaab).

Roinn 1C

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir parailéal dhomhanleithead 64°15′ ó thuaidh (4 mhuirmhíle ó thuaidh ó Godthaab) agus parailéal dhomhanleithead 66°15′ ó thuaidh (5 mhuirmhíle ó thuaidh ó Umanarsugssuak).

Roinn 1D

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir parailéal dhomhanleithead 62°30′ ó thuaidh (Oighearshruth Frederikshaab) agus parailéal dhomhanleithead 64°15′ ó thuaidh (4 mhuirmhíle ó thuaidh ó Godthaab).

Roinn 1E

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir parailéal dhomhanleithead 60°45′ ó thuaidh (Rinn Desolation) agus parailéal dhomhanleithead 62°30′ ó thuaidh (Oighearshruth Frederikshaab).

Roinn 1F

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ó pharailéal dhomhanleithead 60°45′ ó thuaidh (Rinn Desolation).

Folimistéar 2

An chuid sin de Limistéar an Coinbhinsiúin atá suite soir ó fhadlíne dhomhanfhad 64°30′ siar i limistéar Chaolas Hudson, ó dheas ó fholimistéar 0, ó dheas agus siar ó fholimistéar 1 agus ó thuaidh ó pharailéal dhomhanleithead 52°15′ ó thuaidh.

▼B

Tá folimistéar 2 comhdhéanta de thrí roinn

Roinn 2G

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ó pharailéal dhomhanleithead 57°40′ ó thuaidh (Rinn Mugford).

Roinn 2H

